



Preasráiteas Press Release 16.01.2024	Tuilleadh eolais: gaeilgeiorrais@gmail.com 097-29023 www.gaeilgeiorrais.ie	*English language version is available on page 13.
--	--	---

Súil Siar ar Bhuaicphointí na Gaeilge i nGaeltacht Iorrais le linn 2023

Tá ceiliúradh á dhéanamh ag Gaeilge Iorrais ar chúig bliana d'fheidhmiú an *Phlean Teanga do Limistéar Pleanála Teanga Mhaigh Eo Thuaidh*. Reáchtáil Gaeilge Iorrais raon leathan imeachtaí trí mheán na Gaeilge le linn 2023 agus mar sprioc acu borradh a chur faoi úsáid na Gaeilge i nGaeltacht Iorrais chun todhchaí dhearfach a chinntiú don Ghaeilge sa Ghaeltacht seo.

Go dtí deireadh 2023, ceadaíodh aon phost amháin d'oifigeach pleanála teanga sa limistéar seo. Tá Éimear Ní Ghallachóir i gcomhar leis an Dr Laoise Ní Dhúda fostaithe ag Gaeilge Iorrais mar chuid de shocrú post-roinnte. Tháinig dea-scéala ag deireadh na bliana, de bharr stocaireacht leanúnach agus cás an-láidir, go bhfuil an dara post ceadaithe don cheantar seo agus le líonadh go luath i 2024.

Tugadh tosaíocht do na réimsí seo a leanas ach go háirithe i gcaitheamh na bliana (i) cúrsaí óige (ii) scoileanna Gaeltachta (iii) imeachtaí do theaghlaigh (iv) deiseanna foghlama agus úsáide Gaeilge (v) cur le feasacht teanga i dtaca le Gaeilge Iorrais agus Gaeltacht Iorrais. I measc na mbuaicphointí ó 2023 a léiríonn an dul chun cinn atá déanta againn go dtí seo tá;

An Córas Oideachais / Tacú le Scoileanna Gaeltachta ag an mBunleibhéal

- Cruinniú thús na scoilbhliana le gach bunscoil atá páirteach sa SASG agus teimpléad 'clár gníomhaíochtaí Gaeilge do phobal na scoile' pléite agus faomhaithe le gach scoil.



GAEILGE IORRAIS

- Leanúint leis an gcomhoibriú agus tacú leis na seacht mbunscoil Ghaeltachta agus na trí iarbhunscoil Ghaeltachta sa limistéar seo chun aitheantas a bhaint amach mar 'scoil Ghaeltachta' faoin scéim aitheantais nua.
- Leanúint leis an gclár amhránaíochta ar an sean-nós i 7 mbunscoil Ghaeltachta sa limistéar (breis agus 229 páiste bunscoile rannpháirteach ann le linn 2022/23) agus a bhuíochas le tacaíocht ó Ealaín na Gaeltachta faoin gclár Cuisle (scéim Neartú). Cuireadh an clár ar bun arís i láthair na scoileanna ag tús na scoilbhliana (2022/23).
- Clár na gCluichí Gaelacha ar bun i scoileanna Gaeltachta an limistéir seo (le linn 2022/23) de bharr stocaireacht leanúnach ó Ghaeilge Iorrais. Tá an clár seo á éileamh le fada ag Gaeilge Iorrais agus tá súil againn go ndéanfar é a athbhunú i nGaeltacht Iorrais gan mhoill.
- D'fhreastail 132 páiste as 7 mbunscoil Ghaeltachta áitiúil (maille le bunscoil amháin as Gaeltacht Acla) ar *blitz* peile lán-Ghaeilge i mí an Mheithimh. Thug Gaeilge Iorrais tacaíocht don ócáid shóisialaithe seo agus bhronn muid duaiseanna do labhairt agus do chur chun cinn na Gaeilge ar an lá.
- Ghlac 164 páiste bunscoile as an 7 mbunscoil Ghaeltachta in Iorras páirt i Maratón na bPáistí 2023 (clár aclaíochta agus folláine 8 seachtaine). D'éirigh le hos cionn 1,039 páiste as bunscoileanna Gaeltachta i 6 cheantar éagsúil suite i dtrí chontae difriúil fud fad na Gaeltachta tabhairt faoin Maratón seo i mbliana (<http://www.gaeilgeiorrais.ie/images/pr1223.pdf>).
- D'éagraigh Gaeilge Iorrais teacht le chéile in UISCE ar an 02.05.2023. Thug Gaeilge Iorrais tacaíocht do lá spraoi agus sóisialaithe i nGaeilge do 72 páiste bunscoile as 6 bhunscoil Ghaeltachta i gColáiste UISCE. Bailíodh aiseolas thar a bheith dearfach ó scoláirí agus ó mhúinteoirí araon i néis an imeachta seo do phobal na scoileanna Gaeltachta in Iorras.
- Thug Ní Dhúda dhá chur i láthair d'ábhair oidí a d'fhreastail ar chúrsaí Gaeilge sa Gaeltacht seo i mbliana, maidir le Gaeilge Iorrais, an próiseas pleanála teanga agus an ceangal leis an scoil Ghaeltachta, i gcomhar le Coláiste UISCE.



GAEILGE IORRAIS

- Ghlac 5 bhunscoil Ghaeltachta ón limistéar seo páirt sa chomhthogra 'Cairde Pinn na Gaeltachta' le tacaíocht ó Ghaeilge Iorrais (Eanáir – Meitheamh 2023).
- Chuir Kinia traenáil ar fáil ar an láthair sa limistéar seo le tacaíocht ó Ghaeilge Iorrais. Bhí 9 i láthair ó 7 eagraíocht éagsúil agus iad ag foghlaim faoin iriseoireacht shoghluaiste.
- Tacú le Tráth na gCeist i nGaeilge mar chuid d'Fhéile Chlann Lir ar an 25.05.23 in Áras Inis Gluaire. Bhí 92 páiste i láthair (ó 5 bhunscoil Ghaeltachta) agus sciar eile ann ó 4 bhunscoil eile sa cheantar. Breis is 120 duine i láthair san iomlán.
- Chuir Midwest Radio mír nua raidió ar bun 'Clár sa Charr' le tacaíocht ó Ghaeilge Iorrais agus ó pháistí bun scoile na Gaeltachta seo. Bhí comhrá Gaeilge bunaithe ar théama faoi leith idir 'tuismitheoir' agus páiste chuile Dé hAoine ar Midwest Radio mar chuid den 'Breakfast Show' ag c.8.15r.n. (mír seachtainiúil ó Eanáir go Bealtaine 2023). Ghlac 15 páiste ó 5 scoil Ghaeltachta páirt sa mhír seo maraon leis an mbeirt oifigeach pleanála teanga (breis eolais sa phreasráiteas <http://www.gaeilgeiorrais.ie/images/pr0123.pdf>)
- Shocraigh Gaeilge Iorrais, a bhuíochas le tacaíocht ó chlub scannánaíochta Áras Inis Gluaire, taispeántas speisialta de scannán Nollag - leagan Gaeilge den 'Polar Express' - a chur ar fáil. D'fhreastail os cionn 160 ar an ócáid seo.
- Bhronn Gaeilge Iorrais 8 mbeart d'earraí Gaeltachta ar 6 scoil Ghaeltachta agus ar 2 naíonra chun cur le raifil na Nollag.

Oideachas: Iarbhunleibhéal

- Cruinniú thús na scoilbhliana le gach iarbhunscoil atá páirteach sa SASG agus teimpléad 'clár gníomhaíochtaí Gaeilge do phobal na scoile' pléite agus faomhaithe.
- Bhronn Gaeilge Iorrais 6 scoláireacht ar sheisear scoláire scéime (daltaí iarbhunscoile) as na trí iarbhunscoil áitiúil chun freastal ar an gcúrsa cinnireachta ceannródaíoch a reáchtáil Coláiste UISCE (Lúnasa 2023). Bhí an-éileamh ar an scéim seo agus fuair muid 13 iarratas ar an 6 spás.



GAEILGE IORRAIS

- Thosaigh an cúrsa cinnireachta do dhéagóirí na Gaeltachta in UISCE ar an 19.07.23. Thug ÉNG léacht spreagúil do rang na Gaeltachta roimh dheireadh an chúrsa agus bailíodh aiseolas thar a bheith dearfach ó na rannpháirtithe áitiúla.
- Fógraíodh scoláireachtaí eile le freastal ar chúrsaí oiliúna sna spóirt UISCE i gColáiste UISCE agus bhronn Gaeilge Iorrais 3 x scoláireacht (scoláire scéime amháin as chuile iarbhunscoil sa limistéar) chun freastal ar chúrsa scileanna sa tonnmharcaíocht i gColáiste UISCE le linn bhriseadh na Samhna.
- Thug Gaeilge Iorrais tacaíocht do Choláiste Bhreandáin Naofa (Béal an Mhuirthead) le comórtas díospóireachta úrnua a chur ar an bhfód mar chuid de Sheachtain na Gaeilge - 'Comórtas díospóireachta Uí Chonaire' - i gcuimhne ar iarphríomhoide na scoile sin. Bhí lán an tí againn don ócáid seo (c. 160 dalta bunscoile, iarbhunscoile agus an pobal), tráth ar phléigh daltaí iarbhunscoile dhá rún a bhain le ceist na Gaeilge sa Ghaeltacht seo; 'Tá an óige tábhachtach i dtodhchaí na Gaeltachta seo' agus 'Is fiú an Ghaeilge a chothú agus a chaomhnú i nGaeltachtaí Mhaigh Eo.' Breis eolais <http://www.gaeilgeiorrais.ie/images/pr0423.pdf> agus <http://www.gaeilgeiorrais.ie/images/pr0623.pdf>
- Thug Gaeilge Iorrais tacaíocht do Lá Cinnireachta faoi leith a reáchtáil do choiste na Gaeilge (.i. 6 scoláire sinsearach ón nGaelcholáiste) i gColáiste UISCE.
- Thacaigh Gaeilge Iorrais le Lá Sóisialaithe i nGaeilge i gColáiste UISCE do 53 scoláire céad bhliana ó Choláiste Bhreandáin Naofa d'fhonn iad a spreagadh le clárú d'ábhar scéime i nGaeilge faoin scéim oideachas Gaeltachta.
- Tacú le duaiseanna Gaeilge a chur ar fáil do 21 dalta chéad bhliana ó Mheánscoil Mhuire, Béal an Mhuirthead mar chuid de Lá na Gaeilge i gColáiste UISCE (13.03.23).
- Tacú le hócáid nua eile a bhunú do scoláirí scéime i gcomhar le Meánscoil Mhuire i mBéal an Mhuirthead, Tráth na gCeist ar an 22.11.2023. Bhí 69 scoláire scéime ón 3 iarbhunscoil páirteach san ócáid nua seo. Chuir Gaeilge Iorrais duaiseanna le fáil.



Imeachtaí i nGaeilge do theaghlaigh

- **Ceol & Spraoi** – tá 30 teaghlach cláraithe linn go nuige seo. Freastalaíonn c.7 theaghlach (nó thart ar 14 tuiste agus páiste) ar an meán. Bhí 22 seisiún againn le linn scoilbhliain 2022-2023. D'fhreastail 300 ar na seisiúin sin san iomlán.
- **Cuideachta** - Tá 7 dteaghlach cláraithe faoi scém úr Cuideachta i gcomhar le Tuismitheoirí na Gaeltachta;
 - An chéad ócáid i gCeathrú Thaidhg (fáiltiú & cuairt ar an bpáirc spraio) Dé Domhnaigh 11 Meitheamh 2023. D'fhreastail 5 thuiste agus 10 bpáiste.
 - Dara hócáid (lá ar an trá) i nDumha Thuama ar an 16.08.2023. Tháinig 5 thuiste agus 10 bpáiste.
 - An tríú hócáid (ceardlann ealaíne) ar an Eachléim ar an 07.11.23. Tháinig 6 thuiste agus 10 bpáiste.
 - An cheathrú hócáid (ceardlann bÁCála) i dTeach Greannaí ar an 18.11.23. Tháinig 7 dtuiste agus 11 bpáiste ó 5 theaghlach difriúil.
- Imeachtaí eile do theaghlaigh i gcomhar le Tuismitheoirí na Gaeltachta;
 - An Cinema Gaelach ar an 27.01.23 – c.50 duine i láthair ó 15 theaghlach difriúil.
 - An Cinema Gaelach (17.11.2023) – c.70 duine i láthair ó 25 theaghlach éagsúil.
 - Siamsán na hEachléime (ealaín bunaithe ar scéal) ar an 28.01.23, c. 31 duine ó 11 teaghlach i láthair.
 - An Pota Stóir 2023 (earraí Nollag i nGaeilge) curtha ar fáil ag Gaeilge Iorrais i gcomhar le Tuismitheoirí na Gaeltachta.
- Tacú le **Seó Puipéad i nGaeilge** do pháistí réamhscoile agus bunscoile an cheantair i gcomhar le Leabharlann Bhéal an Mhuirthead ar an 08.11.23. D'éagraigh Leabharlann Bhéal an Mhuirthead Seó Puipéad go speisialta do Sheachtain na Gaeilge agus bhí slua mór i láthair (breis agus 100 duine). Bhain tuistí agus páistí araon an-sult as an seó a bhí bunaithe ar an scéal iomráiteach 'Na Trí Mhuicín.'



GAEILGE IORRAIS

Tugann imeachtaí den chineál seo deis do theaghlaigh an Ghaeilge a úsáid agus a chleachtadh i gcomhthéacsanna neamhfhoirmiúla. Faoi mar a luaigh tuismitheoir amháin linn; 'tá sé go deas an Ghaeilge a úsáid agus a chloisteáil lasmuigh den scoil.'

Réimse C: Imeachtaí Sóisialta do Dhaoine Óga

Club UISCE 2023

- Lean Club UISCE (Gaeilge Iorrais @ Coláiste UISCE) ar aghaidh arís i 2023. D'éirigh linn 7 lá a reáchtáil le linn 2023 (Márta - Deireadh Fómhair 2023). Lón muid 314 spás do pháistí na Gaeltachta seo (c. 43 rannpháirtí ar an meán ag chuile lá).
- Tá breis agus 80 teaghlach cláraithe le Gaeilge Iorrais do chlub UISCE go dtí seo. Glacann c.40-45 duine óg páirt sa chlub go hiondúil (c.26 páiste bunscoile + c.15 déagóir) agus croíghrúpa a thagann go rialta iad a bhformhór. Bíonn freastal rialta ó 6 bhunscoil Ghaeltachta agus 3 iarbhunscoil Ghaeltachta ar an gclub ach go háirithe.
- Seo mar a dúirt Laoise Ní Dhúda (Gaeilge Iorrais) faoin gclub seo;
 - Tá mar sprioc ag Gaeilge Iorrais borradh a chur faoi úsáid na Gaeilge i measc na ndaoine óga seo agus deiseanna sóisialaithe i nGaeilge a chur ar fáil dóibh. Beidh na himeachtaí seo saor in aisce ach tá spásanna teoranta. Caithfear clárú roimh ré agus cloí leis an bpolasaí Gaeilge a bheidh i bhfeidhm. Thosaigh muid amach le 18 duine óg sa bhliain 2019, a léiríonn fás mór céimnithe ar ár gcuid gníomhaíochtaí sa réimse seo.
- Bailíodh aiseolas an-dearfach ó rannpháirtithe ag deireadh seasúr 2023. Tá an-éileamh ar an gclub lán-Ghaeilge seo agus muid ag súil le tógáil air arís i 2024.
- Bailíodh aiseolas ó rannpháirtithe (tuistí/scoláirí) i mí Dheireadh Fómhair 2023. Ráta rannpháirtíochta c.71% (30/42). Aiseolas an-dearfach. An-éileamh ar dhátaí eile agus ar an gclub a bheith ar siúl níos minicí.
 - D'fhreagair **97%** (29/30) go raibh tionchar an-dearfach nó dearfach ag club UISCE ar a gcumas sa Ghaeilge.



GAEILGE IORRAIS

- Dúirt **97%** (29/30) go raibh tionchar an-dearfach nó dearfach ag club UISCE ar úsáid na Gaeilge.
 - Thuairiscigh **97%** (29/30) go raibh tionchar an-dearfach nó dearfach ag club UISCE ar mheon i leith na Gaeilge agus dúirt (**93%** nó 28/30) a dúirt go raibh tionchar an-dearfach nó dearfach ag club UISCE ar mhuintir i leith na Gaeilge.
 - Dar le **93%** nó 28/30, bhí tionchar an-dearfach nó dearfach ag club UISCE ar a bhféiniúlacht Ghaeltachta (breis sonraí ar fáil más gá. Cuirfear leis an eolas seo i gcaitheamh an ama).
- Bíonn an-éileamh agus an-tairbhe lenár gcuid imeachtaí lánGhaeilge. Chláraigh 52 páiste as 6 bhunscoil Ghaeltachta in Iorras do Cheardlann na n-Óg ar an 11.03.23. D'fhreastail 50 páiste bunscoile Gaeltachta ar Cheardlann na n-Óg faoinár stiúir in Áras Inis Gluaire, Béal an Mhuirthead. Ghlac na páistí páirt i gceardlanna éagsúla sna healaíona traidisiúnta .i. ceol traidisiúnta, amhránaíocht ar an sean-nós, scéalaíocht agus damhsa.
 - D'éagraigh Gaeilge Iorrais 5 rang jiveála i nGaeilge do dhaoine óga i gCeathrú Thaidhg le linn an tsamhraidh. D'fhreastail 38 ar an iomlán, bhí 8 ar an meán ag chuile rang.
 - Tacú le 3 phost úr a chruthú d'oibrithe óige i gcomhar le Muintearas Óige na Gaeltachta chun tacú le reáchtáil na gclub óige i nGaeltacht Iorrais.

Imeachtaí Sóisialta do Dhaoine Óga

- Tacú le Blitz 'Cúilí na n-Óg.' Tá cumann nua iománaíochta agus camógaíochta ar bun in Iorras agus thug Gaeilge Iorrais tacaíocht don Blitz Cúilí a d'éagraigh siad d'aos óg an cheantair ar an 10.03.23. Bhí breis agus 50 páiste bunscoile i láthair. Bhronn Gaeilge Iorrais roinnt duaiseanna chun tacú le húsaid na Gaeilge ar an lá.
- Tacú le Campa Peile na Cásca (03.04.23 & 04.04.23) i gcomhar le CLG Chill Chomáin – c.60 páiste ó 4 scoil Ghaeltachta agus scoil amháin eile.



GAEILGE IORRAIS

- Tacú le club óige nua (ar bhonn píolóltach) i nDumha Thuama (26 páistí cláraithe leis an gclub – an chuid is mó acu ó scoil Dhumha Thuama, cúpla páiste ó scoil eile).
- Ionadaíocht ó Ghaeltacht Iorrais ag Fleadhanna na bliana seo (Maigh Eo, Connachta agus Fleadh na hÉireann) don chéad uair le roinnt mhaith blianta.
 - Fleadh Cheoil Mhaigh Eo (Bealtaine 2023), i measc na n-iomaitheoirí bhí 3 páirteach sna comórtais amhránaíochta ar an sean-nós agus 4 páirteach sna comórtais Ghaeilge (6 páiste ar an iomlán páirteach ón nGaeltacht seo). 4 dhuais don Ghaeilge agus 4 dhuais don amhránaíocht bainte amach ar an lá.
 - Fleadh Chonnacht (Iúil 2023). Ghlac 6 duine óg ón gceantar seo páirt sa bhFleadh seo. 3 dhuais don Ghaeilge agus 4 dhuais don amhránaíocht bainte amach ar an lá.
 - Fleadh Cheoil na hÉireann. Ghlac seisear ón nGaeltacht seo páirt san ollchomórtas seo agus tháinig duais amháin don Ghaeilge agus duais eile don amhránaíocht ar an sean-nós abhaile leofa.
- D'éagraigh Gaeilge Iorrais ceiliúradh do pháistí na Fleidhe agus mórimeacht sóisialta do phobal na Gaeltachta seo ar an 16.08.2023. Bhí ar a laghad 80 duine i láthair.
- Ghlac beirt amhránaí óg ar an sean-nós ón gceantar seo páirt in Oireachtas na Samhna 2023 – an chéad uair le fada - agus tháinig duais amháin abhaile leofa.

Imeachtaí do Dhaoine Fásta - Ranganna Gaeilge

- Rinne Gaeilge Iorrais comhordú ar phóstaer do ranganna Gaeilge i nGaeltacht Iorrais, ionas go mbeadh an t-eolas cuí faoi dheiseanna foghlama Gaeilge ar fáil in aon áit amháin. Bhí 4 rang/imeacht ar siúl i dtrí ionad éagsúil timpeall an limistéir (2022/23). Breis eolais ar an bpóstaer <http://www.gaeilgeiorrais.ie/images/rq22.jpg>



GAEILGE IORRAIS

- Ranganna Gaeilge i nGaeltacht Iorrais (Fómhar 2023). Faoi láthair, tá 5 rang nó imeacht ar siúl i gceithre ionad éagsúil timpeall an limistéir. Breis eolais ar an bpóstaer <http://www.gaeilgeiorrais.ie/images/rq23.png>
- Tá 2 rang Diplóma sa Ghaeilge ar siúl sa cheantar seo faoi láthair faoi scáth Ollscoil na Gaillimhe agus de bharr stocaireacht agus tacaíocht ó Ghaeilge Iorrais;
 - Thosaigh 14 duine i rang nua A2 Diplóma sa Ghaeilge i mBéal an Mhuirthead (2022/23). Chuir Gaeilge Iorrais scéim scoláireachtaí ar bun chun tacú le rannpháirtithe áitiúla sa rang seo. Tá 12 sa rang A2 i mbliana (2023/24).
 - Thosaigh 12 duine eile de bhunadh an cheantair i rang nua B1 Diplóma sa Ghaeilge i mBéal an Mhuirthead i mbliana (2023/24). Chuir Gaeilge Iorrais scéim scoláireachtaí ar bun chun tacú le rannpháirtithe áitiúla sa rang seo tabhairt faoin gcúrsa ollscoile seo i mBéal an Mhuirthead. (D'éirigh le 26 duine áitiúil eile Diplóma sa Ghaeilge a bhaint amach ó Ollscoil na Gaillimhe i 2022 ag leibhéal B2 agus C1 le tacaíocht Ghaeilge Iorrais).
- Tacú le hócáid nua 'Comhrá agus Seanchas' a reáchtáil go rialta i gCeathrú Thaidhg i gcomhar le Comhar Dún Chaocháin. Bhí cúig imeacht go dtí seo agus thart ar 8 i láthair ag chuile cheann.
- Chuir Gaeilge Iorrais ócáid nua ar bun chun tógáil ar úsáid na Gaeilge mar chuid de sheisiúin ceoil na craobhe áitiúla de Chomhaltas Ceoltóirí Éireann. Reáchtáladh 4 chiorcal comhrá Gaeilge uair an chloig roimh sheisiúin an tsamhraidh agus d'fhreastail 8 ar an meán ar na himeachtaí teanga sin. Breis eolais ar an bpóstaer <http://www.gaeilgeiorrais.ie/images/pcgc.png>

Imeachtaí Sóisialta Do Dhaoine Fásta

- Reáchtáil Gaeilge Iorrais 5 oíche shóisialta ghaelach (ceann uair sa mhí ó mhí Feabhra go Meitheamh 2023) i gcúig ionad difriúil fud fad an limistéir. Bhí c. 30 duine fásta ar an meán i láthair ag na hócáidí sin.



GAEILGE IORRAIS

- D'eagraigh Gaeilge Iorrais dhá shiúlóid phobail le Gaeilge i gcomhar le coistí pobail eile sa cheantar (Comhar Dún Chaocháin Teo agus coiste féile Ghaoth Sáile faoi seach). Tháinig c.11 ar an meán chuig na siúlóidí sin.
- Thug Gaeilge Iorrais tacaíocht do Park Run i nGaeilge #parkrunabú mar chuid d'fhéile Bhéal an Mhuirthead i gcomhar le Erris Park Run agus Oireachtas na Gaeilge. Bhí 33 duine páirteach san ócáid seo.
- Thacaigh Gaeilge Iorrais le ceardlann rámhaíochta i nGaeilge a réachtáil ar Thrá Rinn Rua i gcomhar le cumann rámhaíochta Tulachán Bán. Bhí 25 duine i láthair.
- Thug Gaeilge Iorrais tacaíocht do 21 rang céilí agus rince seit i nGaeilge a chur ar fáil do thuairim is 16 duine fásta ar bhonn rialta. Bhí deis ag pobal na háite cúpla steip a chleachtadh agus damhsaí nua a fhoghlaim trí mheán na Gaeilge. Freastalaíonn ar a laghad dhá sheit iomlán ar an ócáid seo go rialta.
- Thug Gaeilge Iorrais tacaíocht do Thráth na gCeist le Turas Siar ar an 18.07.23. Bhí c.16 duine i láthair.
- Tá breis eolais agus póstaí faoi na himeachtaí seo le fáil ag <http://www.gaeilgeiorrais.ie/index.php/feachtais-campaigns>

Na Meáin Chumarsáide & Shóisialta / Poiblíocht

- Feasacht, brandáil, poiblíocht agus tuiscintí a mhéadú go leanúnach rialta maidir le ról agus obair Ghaeilge Iorrais sa cheantar seo.
- Nuachtlitir mhíosúil eisithe againn ó mhí Márta 2021 i leith. Cóip de nuachtlitreacha agus foirm chlárúcháin ar ár suíomh (www.gaeilgeiorrais.ie) agus roinnte ar na meáin shóisialta freisin. Feic, mar shampla, <https://mailchi.mp/8681b52ac3e6/nuachtlitir-ghaeilge-iorrais-deireadh-fmhair-2022-eagr-10572010>
- Múnla sásúil forbartha againn ar MailChimp agus nuachtlitir mhíosúil eisithe againn ó mhí Márta 2021 i leith. 400 duine ar an liosta teagmhála (méadú c.37% ó 291 le bliain anuas).



GAEILGE IORRAIS

- Ábhar nua le brandáil Ghaeilge Iorrais faighte againn chun tacú le poiblíocht, comhghuaillíocht, féiniúlacht agus duaiseanna i nGaeilge a sholáthar.
- Is cinnte go bhfuil luach leis an obair seo, faoi mar scríobh duine áitiúil amháin fúinn; 'tá sár obair ar siúl agat sna meáin shóisialta leis an Ghaeltacht a chur chun cinn agus daoine a spreagadh Gaeilge a labhairt i ngan fhios dóibh féin.'

Feachtais & Poiblíocht

- Clár RnaG – Cosán na mBan – <https://www.rte.ie/radio/rnag/clips/11552973/>
- RnaG – (i) Agallamh LND (ii) agallamh Ní Dhúda ag caint ar Iris Aniar Raidió na Gaeltachta (21.03.23) faoi Club UISCE, Comórtas Díospóireachta Uí Chonaire & dea-scéalaí eile ó phobal na Gaeltachta seo. Is féidir éisteacht leis an gcomhrá ag <https://www.rte.ie/radio/rnag/clips/22227293/>
- Leanúint leis an mír rialta raidió mar chuid de chlár Tommy Marren ar MidWest Radio uair sa mhí, a mhaireann 10-15 nóim (an stáisiún raidió áitiúil is mó éisteachta sa tír) - <https://soundcloud.com/user-962236350/comhra-i-ngaelige-on-the-tommy-marren-show/sets>
- Craoladh clár Iris Aniar RnaG beo ó Bhéal an Mhuirthead ar an 18.08.2023 <https://www.rte.ie/radio/rnag/iris-aniar/programmes/2023/0818/1400413-iris-aniar-de-haoine-18-lunasa-2023//>

Na meáin shóisialta – teagmháil leanúnach leis an bpobal & feachtais éagsúla

Feachtas úrnua - Stór Focal Iorrais – eisíodh 27 x físeán go dtí seo - 27 x cainteoir dúchais agus ag míniú focal faoi leith ón gceantar agus ag tacú le leagan Iorrais de Chórlán Mhaigh Eo a chur le chéile.

- Feachtas - 'Labhair Gaeilge Liom' eisíodh 13 físeán go dtí seo, 103 cainteoir ón gceantar páirteach go dáta.
- 14 phreasráiteas (G/B) agus 13 bhfíseán gearr eile eisithe agus scaipthe ag Gaeilge Iorrais ó thús na bliana seo.
- Leanúint leis an bhfeachas comhordaithe feasachta agus poiblíochta ar na meáin éagsúla.



GAEILGE IORRAIS

- 1.6k de lucht leanúna ar leathanach Facebook (méadú ó 1,200 i 2020)
- 907 leantóir ar Instagram, bhí 552 leantóir againn i 2022 (méadú ó 270 i 2020).
- 191 leantóir ar Twitter (méadú ó 100 i 2020 agus 169 i 2022)
- Cuntas nua TikTok ar bun le gairid, 27 fhíséan gearr crochta againn faoi láthair, 86 duine dár leanúint anois.

Léiriú é seo go léir ar an gcomhoibriú idir Gaeilge Iorrais, eagraíochtaí áitiúla agus pobal na háite seo faoin bpróiseas pleanála teanga sa Ghaeltacht. Tá borradh mór faoi chúrsaí Gaeilge sa limistéar seo anois, sna sála ar an dul chun cinn suntasach atá déanta againn uilig le ceithre bliana anuas. Tá an ré úr seo don Ghaeilge le tabhairt faoi deara ar an talamh i nGaeltacht Iorrais freisin:

Ba mhaith liom comhghairdeas a ghabháil libh as an sár-obair atá ar siúl agaibh ansin i nGaeilge Iorrais. Is iontach an deis atá sibh ag tabhairt don phobal an Ghaeilge a chleachtadh agus a chur chun cinn.

Tá mar sprioc ag Gaeilge Iorrais tógáil ar obair na bliana seo caite, deiseanna eile úsáide Gaeilge agus foghlama Gaeilge a chruthú, nósanna nua labhartha Gaeilge a bhunú agus a bhuanú sna blianta atá amach romhainn, le tacaíocht agus rannpháirtíocht an phobail.

Ba mhaith le Gaeilge Iorrais buíochas ó chroí a ghabháil le chuile dhuine a ghlac páirt agus a thug tacaíocht dúinn go dtí seo agus muid ag súil le níos mó rannpháirtíochta fós i 2024.

Bí i dteagmháil linn ag gaeilgeiorrais@gmail.com agus oifig.gi@gmail.com nó (097) 29023 más mian leat níos mó eolais a fháil faoin obair seo, chun spéis a chlárú linn nó chun moltaí ábhartha a roinnt linn. Ba mhór againn cloisteáil uait. Lean muid ar na meáin shóisialta éagsúla @Gaeilge Iorrais nó tabhair cuairt ar ár suíomh www.gaeilgeiorrais.ie don nuacht is déanaí.

A look back on some of our Irish language highlights in Gaeltacht Iorrais during 2023

Gaeilge Iorrais is celebrating their fifth year of Irish language plan implementation in the North Mayo (Erris) Gaeltacht. Gaeilge Iorrais organised a wide variety of activities through the medium of Irish during 2023 with the aim of increasing Irish language use and to ensure a positive future for the Irish language in our Gaeltacht area. We are very pleased with our progress and levels of participation this year.

Until the end of 2023, one fulltime language planning officer was permitted for this Gaeltacht area. Éimear Ní Ghallachóir and Dr Laoise Ní Dhúda fulfilled this role for Gaeilge Iorrais as part of a job-sharing arrangement. It was confirmed at the end of 2023 that a second fulltime position was sanctioned for this Gaeltacht area, after much lobbying. It is hoped to fill this position in early 2024.

The following groups and themes were focused on in particular during 2023 (i) young people (ii) Gaeltacht scheme schools (iii) families (iv) Irish classes and Irish usage and learning opportunities (v) creating more awareness and publicity around Gaeilge Iorrais and the ongoing Irish language opportunities our Gaeltacht area. Some highlights from 2023 which showcase our progress so far include;

Gaeltacht Scheme Schools at Primary Level

- Ongoing support and continued collaboration with the seven Gaeltacht scheme primary schools and the three post-primary schools in our Gaeltacht area.
- Continuation of the 'sean nós' singing program in 7 Gaeltacht primary schools in our area (more than 229 participating children) and with thanks to the support of Ealaín na Gaeltachta under the Cuisle scheme. This program returned to onsite teaching for the first time since the onset of the pandemic at the beginning of the 2022/23 school year.
- Gaelic Games program in Gaeilge commenced in Gaeltacht scheme schools in our area on receipt of Roinn na Gaeltachta funding through Connacht GAA. Gaeilge



GAEILGE IORRAIS

Iorrais has lobbied for the establishment of this program in Erris and it was a great support for our Gaeltacht schools. We hope that this program will be re-established in our Gaeltacht area without delay.

- 132 children from 7 local Gaeltacht primary schools (along with one primary school from Gaeltacht Acla) attended an all-Irish football blitz in June. Gaeilge Iorrais supported this Irish language socialisation event and we awarded prizes for speaking and promoting Irish language use on the day.
- 164 primary school children from the 7 Gaeltacht primary schools in Erris took part in *Maratón na bPáistí 2023* (an 8-week exercise and fitness programme trí mheán na Gaeilge). Over 1,039 children from Gaeltacht primary schools in 6 different areas located in three different counties throughout the entire Gaeltacht undertook this Marathon in 2023.
- Gaeilge Iorrais organised an Irish language collaboration and socialisation day in UISCE for 72 children from 6 Gaeltacht scheme schools. Very positive feedback was collected from pupils and teachers alike after this event for our community of Gaeltacht schools.
- Ní Dhúda gave two presentations to trainee teachers who attended Irish courses in our Gaeltacht area this year, discussing the work which Gaeilge Iorrais is undertaking, the language planning process and our collaboration with Gaeltacht scheme schools.
- 5 Gaeltacht primary schools in our area took part in the all-Gaeltacht penpal project 'Cairde Pinn na Gaeltachta' in 2023, with support from Gaeilge Iorrais.
- Kinia provided on-site training in our Gaeltacht area with the support of Gaeilge Iorrais. 9 were present from 7 different organizations learning about mobile journalism.
- Gaeilge Iorrais supported an Irish language quiz (as part of the Clann Lir Festival) on 25.05.23 in Áras Inis Gluaire. There were 92 children in attendance (from 5 Gaeltacht primary schools) and also children from 4 other primary schools in the area. Over 120 local children participated in total.



GAEILGE IORRAIS

- Midwest Radio launched a new radio segment 'Clár sa Charr' with the support of Gaeilge Iorrais and primary school children from this Gaeltacht area. This segment focused on an Irish language conversation based on a specific theme between a 'parent' and a child every Friday as part of the 'Breakfast Show' at c .8.15am on Midwest Radio (weekly segment from January to May 2023). 15 children from 5 Gaeltacht schools took part in this segment along with the two language planning officers (more information in the press release <http://www.gaeilgeiorrais.ie/images/pr0123.pdf>)
- Club scannánaíochta Áras Inis Gluaire, with support from Gaeilge Iorrais, organised a special showing of a Christmas movie for Gaeltacht scheme schools - an Irish version of the 'Polar Express'. Over 160 attended this event.
- Gaeilge Iorrais provided 8 hampers of Gaeltacht goods to 6 Gaeltacht schools and 2 naíonra as part of their Christmas raffle.
- Our efforts in this domain are focused on supporting the work of local Gaeltacht scheme schools and strengthening the links between Gaeltacht schools and our local Gaeltacht community.

Education: Post-primary level

- Gaeilge Iorrais awarded 6 scholarships to six post primary scheme students from the three local post-primary schools to attend the pioneering leadership course run by Coláiste UISCE in July 2023. There was much demand for these scholarships and we received 13 applications for 6 spaces.
- This leadership course for Gaeltacht teenagers started in UISCE on 19.07.23. Ní Ghallachóir gave a lecture to the Gaeltacht class as part of the course and extremely positive feedback was collected from the local participants.
- Other scholarships were announced to attend watersports training courses in Coláiste UISCE. Gaeilge Iorrais awarded 3 scholarships in total, one for a student from each of the 3 post primary schools in our area. The surfing skills training course took part in UISCE over Halloween break.

15



GAEILGE IORRAIS

- Gaeilge Iorrais supported an Irish language socialisation day for 53 first-year students from Coláiste Bhreandáin Naofa with the aim of encouraging them to register for a scheme subject in Irish.
- Gaeilge Iorrais supported Coláiste Breandáin Naofa (Béal an Mhuirthead) to launch a brand-new debating competition as part of Seachtain na Gaeilge - 'Díospóireacht Uí Chonaire' debating competition - in memory of a former principal of the school. We had a full house for this event (c. 160 primary, post-primary students and some members of the public). Post-primary students discussed two motions related to the issue of the Irish language in this Gaeltacht; 'The youth are important in the future of this Gaeltacht' and 'It is worth nurturing and preserving the Irish language in the Mayo Gaeltachtaí.' Further information <http://www.gaeilgeiorrais.ie/images/pr0423.pdf> agus <http://www.gaeilgeiorrais.ie/images/pr0623.pdf>
- Gaeilge Iorrais supported a specific Irish language youth leadership day in Coláiste UISCE for 6 Gaelcholáiste Chomáin students.
- Gaeilge Iorrais gave Irish language prizes for 21 first year students from Mheanscoil Mhuire, Béal an Mhuirthead as part of Lá na Gaeilge in Coláiste UISCE (13.03.23).
- Gaeilge Iorrais supported the establishment of another new event for scheme students in collaboration with Meánscoil Mhuire, Béal an Mhuirthead - Tráth na gCeist which took place on 22.11.2023. 69 scheme students from the 3 post-primary schools were involved in this new event.

Irish language activities for families

- '**Ceol agus Spraio** for Parents and Children' - an all-Irish activity for parents and preschool children - in collaboration with our local library in Belmullet. 22 sessions were held weekly during 2022-2023. 30 families have registered in the group so far. Approximately 300 attended these sessions in total.



GAEILGE IORRAIS

- Cuideachta - 7 families have enrolled in this new program for Irish speaking families in collaboration with Tuismitheoirí na Gaeltachta;
 - The first event took place in Ceathrú Thaidhg (welcome & visit to the playground). 5 parents and 10 children attended.
 - The second event (day on the beach) took place in Dumha Thuama on 16.08.2023. 5 parents and 10 children attended.
 - The third event (art workshop) took place in Eachléim on 07.11.23. 6 parents and 10 children attended.
 - The fourth event (baking workshop) took place in Teach Greannaí on 18.11.23. 7 parents and 11 children attended from 5 households.
- Other events for families in collaboration with Tuismitheoirí na Gaeltachta;
 - An Cinema Gaelach on 27.01.23 - c.50 people attended from 15 different families.
 - An Cinema Gaelach on 17.11.2023 - c.70 people in attendance from 25 different families.
 - Siamsán na hEachléime (art based on a story) took place on 28.01.23, c. 31 people from 11 families attended.
 - An Pota Stóir 2023 (Christmas items in Irish) provided by Gaeilge Iorrais in collaboration with Tuismitheoirí na Gaeltachta.
- Gaeilge Iorrais supported a puppet show in Irish for pre-school and primary school children in collaboration with Béal an Mhuirthead Library on 08.11.23. Belmullet Library organized a Puppet Show specially for Seachtain na Gaeilge and a large crowd attended (more than 100 people). Parents and children alike enjoyed the show which was based on 'The Three Little Pigs.'
- Gaeilge Iorrais made 'An Pota Stóir' available locally again this year which involves the sale of Irish language Christmas goods that are supplied from Tuismitheoirí na Gaeltachta.
- Activities such as those listed in this section give local families the opportunity to practice and use Irish in informal settings. As one parent remarked; 'it's nice to hear and to use Irish outside school.'



GAEILGE IORRAIS

Social activities for young people

- Club UISCE (Gaeilge Iorrais @ Coláiste UISCE) which was founded by Gaeilge Iorrais in 2020, is going from strength to strength. We organised 7 full days during 2023 (March - October 2023). We filled a total of 314 spaces and on average 43 local children attended each of these days.
- More than 80 families have registered with Gaeilge Iorrais for Club UISCE so far. c.40-45 young people usually take part in the club (c.26 from primary schools + c.15 teenagers) and the majority are a core group that attend regularly. The club is very popular at primary school level with regular participation from 6 Gaeltacht primary schools and 3 Gaeltacht post-primary schools in particular.
- This is what Laoise Ní Dhúda (Gaeilge Iorrais) said about this club;

The goal of Gaeilge Iorrais is to boost the use of Irish among these young people and to provide them with opportunities for socialization in Irish. These activities are free of charge but spaces are limited and subject to our Irish language policy. We started out with 18 young people in 2019, which shows our growth in this area.

- Very positive feedback was collected from participants at the end of 2023 season (71% participation rate, 30/42 respondents). For example;
 - 97% of participants reported that Club UISCE had a very positive or positive impact on their use of Irish.
 - 97% reported that Club UISCE had a very positive or positive impact on their attitudes towards the Irish language and 93% said that Club UISCE had a very positive or positive impact on confidence towards the Irish language.
 - According to 93%, Club UISCE had a very positive or positive impact on their Gaeltacht identity.
- Our all-Irish events are very popular and worthwhile. 50 local children from 6 Gaeltacht primary schools took part in Ceardlann na n-Óg on 11.03.23 in Áras Inis Gluaire, Béal an Mhuirthead. These children took part in various workshops

18

· Gaeilge Iorrais · f/ch Chomharchumann Ionad Deirbhile · An Eachléim · Co. Mhaigh Eo ·

Tá Gaeilge Iorrais maoinithe ag Údarás na Gaeltachta ón Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán faoin bpróiseas pleanála teanga sa Ghaeltacht.



GAEILGE IORRAIS

in the traditional arts such as traditional music, sean-nós singing, storytelling and dancing.

- Gaeilge Iorrais organized 5 jiving classes in Irish for young people in Ceathrú Thaidhg over the summer. A total of 38 attended, each class had an average of 8 participants.
- Gaeilge Iorrais is contributing to the creation of 3 new jobs for Irish language youth workers in collaboration with Muintearas Óige na Gaeltachta to support the running of Irish language youth clubs in this Gaeltacht area.

Social Events for Young People

- Supported Blitz 'Cúilí na n-Óg.' A new hurling and camogie club has been established in Erris. Gaeilge Iorrais supported the Cúilí blitz which they organized for the youth of the area on 10.03.23. More than 50 primary school children were in attendance. Gaeilge Iorrais presented several prizes to support the use of the Irish language on the day.
- Supported Easter Football Camp (03.04.23 & 04.04.23) in association with Kilcommon GAA for c.60 children from 4 Gaeltacht schools and one other local school.
- Support a new youth club (on a pilot basis) in Dumha Thuama (26 children in attendance – most of them from Dumha Thuama school.
- For the first time in many years, children from our Gaeltacht area (CCÉ Chraobh Chlann Lir) took part in fleadhanna, at county, provincial and all-Ireland level.
 - Fleadh Mhaigh Eo (May 2023), 3 local children participated in sean-nós singing competitions and 4 participated in the Irish language competitions (6 children in total participated from this Gaeltacht). 4 prizes awarded in Irish comhrá Gaeilge competitions and 4 prizes awarded for sean-nós singing.
 - Fleadh Connacht (July 2023). 6 young people from this area took part in this Fleadh. 3 prizes awarded in comhrá Gaeilge competitions and 4 prizes awarded for sean-nós singing.



GAEILGE IORRAIS

- Fleadh Cheoil na hÉireann. Six children from this Gaeltacht took part in all-Ireland competition and one prize won in comhrá Gaeilge and another prize awarded in sean-nós singing.
- Gaeilge Iorrais organized a celebration for all the local participants of fleadhanna which was a major social event for the community of this Gaeltacht on 16.08.2023. At least 80 people were in attendance.
- Similarly, for the first time in many years, two children from our Gaeltacht area participated in competitions at Oireachtas na Samhna 2023 and one prize was awarded for sean-nós singing.

Opportunities to Learn & Use Irish

- Gaeilge Iorrais coordinated a poster for Irish classes in our Gaeltacht area, so that the appropriate information about all opportunities to learn Irish is available in one place (<http://www.gaeilgeiorrais.ie/images/rg23.jpg>).
- There are currently 2 diploma in Irish courses from the University of Galway underway in Erris, with the support of Gaeilge Iorrais.
 - 14 people started a new A2 Diploma in Irish class in Belmullet (2022/23). Gaeilge Iorrais offered a scholarship scheme to support local participants to undertake this third level course in Belmullet. 12 people are now attending this class (2023/24).
 - 12 others from Erris enrolled in another Irish language diploma course at B1 level accredited by the University of Galway, which is taking place in Belmullet this year.
 - A further 26 local people obtained a diploma in Irish from the University of Galway in 2022 at B2 and C1 levels and with the support of Gaeilge Iorrais scholarship scheme.
- Gaeilge Iorrais supported a new initiative 'Comhrá agus Seanchas' in an tSeanscoil, Ceathrú Thaidhg in association with Comhar Dún Chaocháin. There have been 5 events to date and 8 people in attendance on average.



GAEILGE IORRAIS

- Gaeilge Iorrais established a new event to build on Irish language use as part of traditional music sessions of the local branch of Comhaltas Ceoltóirí Éireann. 4 Irish conversation circles were held one hour before the summer sessions and 8 people attended these conversation circles on average. More information on the poster <http://www.gaeilgeiorrais.ie/images/pcgc.png>

Social Events for Adults

- Gaeilge Iorrais held 5 Irish social nights (once a month from February to June 2023) in five different venues throughout the area. There was an average of 30 adults present at each of these events.
- Gaeilge Iorrais organized two community walks in Irish in collaboration with other community committees in the area (Comhar Dún Chaocháin Teo and Gaoth Sáile festival committee respectively). Approximately 11 adults attended each of these events.
- Gaeilge Iorrais supported Park Run in Irish #parkrunabú as part of the Béal an Mhuirthead festival in collaboration with Erris Park Run and Oireachtas na Gaeilge. 33 people participated in this event.
- Gaeilge Iorrais supported a rowing workshop in Irish which was held on Rinn Rua Beach in collaboration with Tullachán Bán rowing club. 25 people attended.
- Gaeilge Iorrais supported 21 céilí and set dancing classes in Irish for approximately 16 adults on a regular basis. The local community had the opportunity to practice a few steps and learn new dances through the medium of Irish. At least two full sets attended this event regularly.
- Gaeilge Iorrais supported Tráth na gCeist with Turas Siar on 18.07.23. There were c .16 people present.
- More information and posters about these events can be found at <http://www.gaeilgeiorrais.ie/index.php/feachtais-campaigns>

Publicity on Various Media

- New campaign 'Stór Focal Iorrais' which included 27 short videos with 27 local native Irish speakers sharing local Erris Irish words and information on their use.
- 'Labhair Gaeilge Liom' campaign which aims to create more awareness about local speakers of Irish and encourage others to use Irish with them. 13 videos featuring 103 local Irish speakers have been issued to date.
- Continuously increasing awareness, branding, publicity and understanding regarding the role and work of Gaeilge Iorrais in this area.
- We have new Gaeilge Iorrais branded material to support our publicity efforts, foster our Gaeltacht identity and which will be used as Irish language prizes.
- There is no doubt that this type of work has particular value, as one local person attested; 'you're doing great work on social media to promote our Gaeltacht and to encourage people to speak Irish without even realising it.'
- 14 press releases (Irish/English) and 13 short videos were compiled and distributed by Gaeilge Iorrais this year and are still available for perusal on our website www.gaeilgeiorrais.ie
- Ní Dhúda continued with the popular regular radio slot as part of 'The Tommy Marren Show' on Midwest Radio once a month which lasts 10-15 minutes.
- We have developed our own newsletter on MailChimp and issue a monthly newsletter since March 2021. A copy of our newsletters and link to register for this newsletter are on our website and also shared on social media. There are currently 400 on our mailing list, a 37% increase in the past year.
- All are welcome to follow us on Facebook, Instagram, Twitter and TikTok (@Gaeilge Iorrais) as we hope to expand our audience and reach over time (e.g. we currently have in excess of 1,600 followers on Facebook).

There has been a resurgence of interest and opportunities to use the Irish language in our Gaeltacht area, on foot of our significant progress over the past five years. This new era for the Irish language has been remarked on locally also:



I would like to congratulate Gaeilge Iorrais on the great work that you're doing. You're providing ample opportunities for the local community to practice and further the use of the Irish language here.

Gaeilge Iorrais is looking forward to building on these successes and aims to create even more opportunities to use the Irish language locally in 2024, with the support and participation of our community. Gaeilge Iorrais would like to thank everyone that has taken part in our activities and supported this work to date. We look forward to even more participation this year. Any further suggestions and/or recommendations from the Erris Gaeltacht community are most welcome. If you would like to hear more about this process or get involved, call us on 097-29023, email us at gaeilgeiorrais@gmail.com or oifig.gi@gmail.com Follow us on social media @Gaeilge Iorrais, check out our website www.gaeilgeiorrais.ie and register for our newsletter for regular updates.